Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9789/22**

**AGRI 225**
**AGRIORG 56**
**AGRIFIN 50**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Staid na margaí talmhaíochta, go háirithe i bhfianaise an ionraidh ar an Úcráin |

Mar thoradh ar 9221/22, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn doiciméad ullmhúcháin don phlé ag cruinniú na Comhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 13 Meitheamh ina bhfuil nuashonrú ar an staid maidir le margaí talmhaíochta an Aontais agus faisnéis ghaolmhar eile.

## An t-eolas is déanaí maidir le staid na margaí talmhaíochta

1. Tá earnáil talmhaíochta an Aontais fós faoi bhrú suntasach i gcónaí mar gheall ar an méadú ar chostas an fhuinnimh agus ar ionchur eile a bhí ann cheana féin roimh ionradh na Rúise ar an Úcráin, a cuireadh i dtreis leis an gcogadh agus leis na hiarmhairtí a bheidh aige sin ar tháirgeadh talmhaíochta, ar phraghsanna agus ar thrádáil. Deimhnítear leis na figiúirí is déanaí, áfach, nach bhfuil soláthairtí bia an Aontais i mbaol a bhuí leis an margadh aonair agus le CBT atá ina gcúis leis an Aontas a bheith neamhthuilleamaíoch i gcás fhormhór na dtráchtearraí talmhaíochta. Idir an dá linn, tá na praghsanna ar roinnt táirgí tar éis leibhéil nach bhfacthas riamh roimhe seo a bhaint amach, rud a tharraingíonn ceisteanna anuas maidir le hinacmhainneacht bia do theaghlaigh ar bheagán ioncaim, gan a bheith in ann an cúngú ar chorrlaigh na bhfeirmeoirí a chosc mar gheall ar an méadú díréireach ar chostas na n-ionchur, áfach, go háirithe fuinneamh agus leasacháin. D'aithin an Chomhairle Eorpach a thromchúisí atá an staid sna conclúidí[1] ón gcruinniú deireanach a bhí aici an 30-31 Bealtaine ina dtugtar treoir d'institiúidí an Aontais maidir le tuilleadh gníomhaíochta.
2. Mar thoradh ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil don Chomhairle an 18 Bealtaine i 9221/22 agus ar an bhfaisnéis a bheidh le cur isteach ag na Ballstáit agus le tiomsú in 9870/22 maidir le staid mhargaí talmhaíochta inmheánacha an Aontais, is fiú an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt dár n-aire.
    - Bhí staid mhargadh grán an Aontais dearfach go dtí le déanaí. Bhí praghsanna fíor-arda á bhfáil ag na feirmeoirí agus bhí na hionchais fómhair go réasúnta maith. Triomacht fhada i réigiúin áirithe in éineacht le tonnta teasa le linn mhí na Bealtaine ba chúis le roinnt imní. Mar thoradh air sin, rinneadh laghdú 2 mhilliún tona ar an réamhaisnéis gráin is déanaí de chuid an Choimisiúin (ó 295.8 milliún tona go 293.1 milliún tona). Baineann an laghdú sin, den chuid is mó, le heorna agus arbhar Indiach (bhí an t-arbhar Indiach luaite a bheith á tháirgeadh ag an leibhéal ba mhó riamh) agus ní dhéanann sé difear do chruithneacht bhog.

[1] (EUCO 21/22)

- Tá ionchais an-dearfach fós ann d'onnmhairí ón Aontas Eorpach. Táthar ag tuar go sroichfidh onnmhairí cruithneachta boige an Aontais sa chéad séasúr eile 38 milliún tona, an leibhéal is airde riamh. Dearbhaítear leis sin go bhféadfadh CBT rannchuidiú le slándáil bia an domhain. D'fhéadfadh onnmhairí iomlána gráin (cruithneacht, eorna, arbhar Indiach) dul chomh hard le tuairim is 54 mhilliún tona (beagán faoi bhun an mhéid ab airde riamh a baineadh amach in 2019/20, is é sin, 55 mhilliún tona).
- Ar an taobh dearfach de, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar tháirgeadh olashíl an Aontais a bhuí leis an limistéar méadaithe (+ 6 %, go háirithe le lus na gréine ag baint tairbhe as maolú ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia) agus táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú ar tháirgeacht faoin gcéatadán céanna. Leis an bhforbairt dhearfach sin, beidh margadh an Aontais in ann déileáil le hinfhaighteacht olashíl níos ísle ón Úcráin.
- I gcodarsnacht leis sin, níl aon athrú suntasach tagtha ar tháirgí ainmhithe le coicís anuas. Tá na praghsanna go hard i gcónaí, ach ní dhéanann siad seo an costas ard ar bheatha agus ar fhuinneamh a fhritháireamh, lena n-áirítear i gcás muiceola.
- Ar an gcaoi chéanna, tá tionchar i gcónaí ar an earnáil torthaí agus glasraí ag an méadú ar na costais ionchuir agus ag easnaimh infhaighteachta i gcás roinnt ionchur agus ábhar agus, ina theannta sin, an laghdú ar dheiseanna onnmhairiúcháin mar gheall ar an gcogadh leanúnach.

3. Maidir leis an staid san Úcráin, cé go bhfuil an t-arbhar Indiach, lus na gréine agus pónairí soighe fós á gcur, meastar anois go bhféadfadh an fómhar titim chomh fada le 40-50 % i gcomparáid leis an mbliain seo caite, agus ní 20-30 % mar a measadh coicís ó shin. Agus cúrsaí mar atá, ba mhaith an toradh é sin mar sin féin.
4. Maidir leis na gnéithe idirnáisiúnta a bhaineann le táirgeadh agus trádáil gráin gránaigh, tá an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán (CIG) ag tuar go laghdóidh an **táirgeadh cruithneachta** go 769.0 milliún tona amach (-1.6 % b/b) in 2022/23. I gcomparáid leis an mí seo caite, rinneadh athbhreithniú síos ar an dearcadh i gcás na hIndia agus na Stát Aontaithe go háirithe, rud a rinneadh a fhritháireamh i bpáirt le méaduithe don Astráil agus don Rúis. Agus é nasctha le fás an daonra san Afraic agus san Áise, go háirithe, meastar go dtiocfaidh méadú measartha go 780.2 milliún tona ar thomhaltas an domhain (+ 0.3 % b/b), méid a d'fhéadfadh a bheith ina bhuaic nua, lena n-áirítear úsáid bia ag 546.2 milliún tona (+ 0.5 %). Meastar go bhfuil stoic deiridh 270.9 milliún tona (-4.0 %) ann, a bhfuil 50 % de luaite leis an tSín, agus is é seo an méid is lú le ceithre bliana. Méadóidh an trádáil dhomhanda beagán go 194.0 milliún tona (+ 0.2 %), agus tá an tAontas (38 mhilliún tona) fós ar an onnmhaireoir is mó, agus an Rúis ina dhiaidh sin le 37 mhilliún tona.

5. Tá réamh-mheas an **táirgthe arbhair Indiaigh** in 2022/23 thar a bheith sealadach ag an bpointe seo mar gheall ar éiginnteachtaí san Úcráin agus an fómhar a bheith á déanamh fós i Meiriceá Theas ar bharr 2021/22. Tá CIG ag réamh-mheas go dtiocfaidh laghdú ar an aschur domhanda go 1,183.8 milliún tona (-2.5 % b/b) in 2022/23, i gcomparáid le haschur an tséasúir roimhe sin, arbh é an méid ba mhó riamh. Cuireadh moill shuntasach ar an síolchur sna Stáit Aontaithe mar gheall ar aimsir fhuar fhliuch neamhghnách, rud a fhágann go bhfuil sé deacair an táirgeacht a thuar. Tar éis athbhreithniú síos a dhéanamh ar an táirgiúlacht, táthar ag tuar go mbeidh táirgeacht 367.3 milliún tona (-4.3 %) i gceist. Agus laghdú ag teacht ar infhaighteacht agus méadú ag teacht ar phraghsanna, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú 0.6 % ar an tomhaltas arbhair i gcomparáid le bhuaicphointe an tséasúir seo caite go 1,200 milliún tona, lena n-áirítear 710.2 milliún tona (-0.6 %) le haghaidh beathú. Táthar ag súil go dtiocfaidh titim 5.6 % go 269 milliún tona ar stoic deiridh, agus 65 % de sin luaite leis an tSín. I ngeall ar an laghdú ar na soláthairtí domhanda agus i ngeall ar an éiginnteacht atá ann maidir le hinfhaighteacht ón Úcráin, táthar ag tuar go dtiocfaidh laghdú 4.6 % ar an trádáil dhomhanda go 166.3 milliún tona in 2022/23.

6. Maidir leis na hionchais do tháirgeadh gránaigh i dtíortha móra is táirgeoirí, bhí an **India** ag súil ar dtús leis an mbarr ab fhearr riamh a bhaint in 2022, ach rinne aimsir iontach te ag an tús dochar don acmhainneacht táirgeachta agus rinneadh laghdú 6 mhilliún go 105 mhilliún tona (-4.2 % b/b) ar an réamhaisnéis táirgeachta. D'fhonn soláthairtí intíre a áirithiú agus boilsciú bia a rialú, chinn an rialtas onnmhairí cruithneachta a thoirmeasc.

7. I **Stáit Aontaithe Mheiriceá**, tá dálaí bharr na cruithneachta geimhridh go dona go fóill den chuid is mó, go háirithe i gcás na cruithneachta HRW. Thairis sin, cuirtear moill ar shíolchur cruithneachta earraigh mar gheall ar aimsir ró-fhliuch fhionnuar. Tá an síolchur arbhair Indiaigh níos moille freisin ná mar is gnách go dtí seo, cé gur cuireadh dlús leis an obair le déanaí.

8. Sa **Bhrasaíl**, léiríonn an réamhaisnéis oifigiúil táirgeadh 114.6 milliún tona in 2021/22, arb í an táirgeacht is fearr riamh í, in ainneoin roinnt imní maidir le dálaí tirime. Tá baint an chéad bhairr arbhair Indiaigh 85 % críochnaithe, agus tá gearradh an dara barr (safrinha) díreach tosaithe. Agus baint an fhómhair ag dul chun cinn, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú mór ar an infhaighteacht onnmhairí ó mhí Iúil ar aghaidh.

9. D'éirigh na **gluaiseachtaí sa phraghas** gránaigh níos luainí arís, go háirithe i gcás cruithneachta. Tar éis don India cosc a chur ar onnmhairí cruithneachta, tháinig méadú ollmhór ar na praghsanna, agus imní sa bhreis ann mar gheall ar drochdhálaí barr agus moilleanna ar an bhfómhar i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tháinig laghdú ar na praghsanna an uair sin mar fhreagairt ar ráflaí/dóchas faoi chonair farraige a bheith le hoscailt d'onnmhairí gráin na hÚcráine, an seans go mbeadh fómhar cruithneachta nach bhfacthas riamh roimhe seo sa Rúis, chomh maith le faitíos go rachadh moilliú ar an ngeilleagar i bhfeidhm ar an éileamh. Chuir glacadh brabúis ar na margaí todhchaíochtaí tar éis roinnt buaicphointí le déanaí leis an mbrú anuas.

10. Chun measúnú a dhéanamh ar an staid ar bhealach níos cuimsithí, tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar na bearta atá molta agus glactha cheana féin ag an gCoimisiún chun tacú le hearnáil na talmhaíochta agus chun cabhrú le ról an Aontais mar sholáthraí bia domhanda a chomhlíonadh, agus é ag leanúint de bheith ag gabháil go hiomlán don aistriú comhshaoil. Fógraíodh iad den chuid is mó sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'An tslándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú' a glacadh an 23 Márta 2022 (COM(2022)133 final) agus tugtar achoimre orthu thíos:

i) Pacáiste tacaíochta EUR 500 milliún, lena n-áirítear leas a bhaint as an gcúlchiste géarchéime, chun tacú leis na táirgeoirí is mó atá thíos le hiarmhairtí tromchúiseacha an chogaidh san Úcráin. Ar an mbonn sin, d'fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht airgeadais bhreise a thabhairt d'fheirmeoirí chun rannchuidiú leis an tslándáil bia ar fud an domhain, nó chun aghaidh a thabhairt ar mhíshocracht sa mhargadh de dheasca costais mhéadaithe ionchuir nó srianta trádála.

ii) Réamhíocaíochtaí méadaithe íocaíochtaí díreacha, chomh maith le bearta forbartha tuaithe a bhaineann le limistéir agus ainmhithe, le feirmeoirí amhail
ón 16 Deireadh Fómhair 2022.

iii) Bearta slándála margaidh chun tacú le margadh na muiceola i bhfianaise a dheacra atá cúrsaí san earnáil sin.

iv) Maolú eisceachtúil sealadach chun táirgeadh aon bhairr chun críocha bia agus beatha a cheadú ar thalamh branair, agus leibhéal iomlán na híocaíochta glaise d'fheirmeoirí á choinneáil ag an am céanna. Leis sin méadófar cumas táirgthe an Aontais in ainneoin fáil theoranta a bheith ar thalamh thorthúil.

v) Tá Creat Géarchéime Sealadach nua neamhspleách molta ag an gCoimisiún a chumhdaíonn feirmeoirí, táirgeoirí leasacháin agus earnáil an iascaigh freisin. Ar an gcaoi sin, is féidir státchabhair a thabhairt d'fheirmeoirí a bhíonn thíos le méaduithe suntasacha ar chostais ionchuir. Déanfar faireachán ar phraghsanna agus ar sholáthairtí leasacháin d'fheirmeoirí lena áirithiú nach gcuirfear na hionchais le haghaidh fhómhair an Aontais i gcontúirt.

vi) Chun gníomhú i gcoinne an bhaoil a bhaineann le ganntanas beatha agus soláthairtí allmhairithe a mhéadú, go háirithe maidir le harbhar Indiach, chuir an Coimisiún treoir ar fáil do na Ballstáit maidir le hAirteagal 18(4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a úsáid chun uasleibhéil iarmhar náisiúnta shealadacha (MRL) a shocrú go tapa, i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin gan dochar a dhéanamh dár gcaighdeáin sábháilteachta.

vii) An 20 Bealtaine, ghlac an Coimisiún Eorpach cinneadh sonraí míosúla a bhailiú maidir le leibhéil stoc gránach, olashíolta agus ríse san Aontas Eorpach. Is obair leantach dhíreach í sin ar an Teachtaireacht maidir le ‘An tslándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú’ a tíolacadh an 23 Márta. Is é an aidhm atá i gceist faireachán níos fearr a dhéanamh ar leibhéil stoic sa timpeallacht atá ann faoi láthair ina bhfuil praghsanna arda agus neamhchinnteacht mheasta maidir le soláthairtí.

viii) An 20 Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún beart nua eisceachtúil sealadach faoi chuimsiú an Rialacháin maidir le Forbairt Tuaithe, lena gceadaítear do na Ballstáit suas le 5 % dá leithdháiltí CETFT do 2021 agus 2022 a úsáid chun na feirmeoirí agus/nó fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM) is mó atá thíos leis an ngéarchéim seo a chúiteamh.

ix) An 2 Meitheamh, d’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach rialachán lena gceadaítear athdháileadh inmheánach ar chabhair an Aontais faoi scéim scoile an Aontais chun freastal ar leanaí easáitithe ón Úcráin atá cláraithe i scoileanna an Aontais. Leis an rialachán sin, iarrtar ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a n-iarrataí ar chabhair ón Aontas don chéad scoilbhliain eile, a bheidh ar siúl ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023, i bhfianaise na staide nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin, ar iarrataí iad lena n-éilítear dlúthpháirtíocht chun an t-ualach ar na daoine atá ag an túslíne gníomhaíochta a laghdú chun freastal ar na leanaí easáitithe ón Úcráin.

x) Ina theannta sin, agus iad ag aithint go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar chlársceidealú CBT amach anseo, iarradh ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar chuid dá dtograí tosaigh maidir le pleananna straitéiseacha CBT. Go háirithe, d’fhéadfadh raon feidhme a bheith ann chun gnéithe de na pleananna a threisiú arb é is aidhm dóibh athléimneacht na hearnála a neartú. Go háirithe, iarradh ar na Ballstáit a bpleananna straitéiseacha CBT a athbhreithniú d’fhonn tacú le feirmeoirí cleachtais a ghlacadh chun barrfheabhas a chur ar éifeachtúlacht na leasachán, agus ar an gcaoi sin, an úsáid a bhaintear astu a laghdú. Is féidir é sin a dhéanamh go sonrach trí fheirmeoireacht bheacht, ach tá ról tábhachtach ag an bhfeirmeoireacht orgánach, an agrai-éiceolaíocht agus úsáid níos éifeachtúla trí chomhairle agus oiliúint maidir le bainistiú cothaitheach. Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann lena bPlean Straitéiseach CBT i ndáil leis an méid sin, chomh maith le húsáid ionchur eile amhail antaibheathaigh agus lotnaidicídí a bharrfheabhsú agus a laghdú agus dul i mbun feirmeoireachta carbóin.

11. Mar fhocal scoir, bunaithe ar an bhfaisnéis thuas, agus ar an treoir a thug an Chomhairle Eorpach le déanaí, iarrtar ar na hAirí a dtuairimí a thabhairt maidir le gníomhaíocht a d’fhéadfaí a dhéanamh amach anseo chun an staid reatha a mhaolú a thuilleadh ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda, agus aon fhaisnéis bhreise a chur ar fáil a mheasann siad a bheith ábhartha.